GA

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil 23.9.2008
COIM(2008) 580 leagan deireanach

2008/0187 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí teileafón soghluaiste laistigh den Chomhphobal agus Treoir 2002/21/CE maidir le comhchreat rialúcháin i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí**

{COIM(2008) 579 leagan deireanach}
{SEC(2008) 2489}
{SEC(2008) 2490}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Mar fhreagairt ar bhuarthaí seasmhacha maidir leis an easpa brúnna iomaíocha sa mhargadh do sheirbhísí fánaíochta idirnáisiúnta agus na muirir arda a bhí le híoc ag tomhaltóirí Eorpacha dá bharr sin as soláthar seirbhísí fánaíochta agus iad ag taisteal laistigh den Chomhphobal, an 27 Meitheamh 2007 ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí teileafón soghluaiste laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 2002/21/CE. Leis an Rialachán seo tugadh isteach cur chuige comhchoiteann chun a áirithiú nach n-íocfadh úsáideoirí na líonraí poiblí móibíleacha praghsanna iomarcacha chun fánaíocht a dhéanamh ar fud an Chomhphobail, trí theorainneacha a chur i bhfeidhm maidir leis na muirir gur féidir le hoibreoirí líonraí móibíleacha a ghearradh, ag leibhéal mórdhíola agus miondíola, chun guthghlaonna fánaíochta a thionscnaítear agus a chríochnaítear laistigh den Chomhphobal a sholáthar. Leag an Rialachán síos rialacha freisin a raibh sé mar chuspóir acu trédhearcacht praghsanna a mhéadú agus feabhsú a dhéanamh ar sholáthar faisnéise custaiméara d'úsáideoirí seirbhísí fánaíochta ar fud an Chomhphobail.

Shocraigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle gur chóir go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 agus tuarascáil a chur chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle tráth nach déanaí ná 30 Nollaig 2008 (Airteagal 11 den Rialachán).

Cé nár chur Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 uasteorainneacha i bhfeidhm ar phraghsanna guthghlaonna fánaíochta, d'aithin reachtóirí an Chomhphobail go raibh buarthaí fós ann i leith leibhéal na bpraghsanna do sheirbhísí fánaíochta sonraí laistigh den Chomhphobal, chomh maith le SMS. Leag siad go sonrach mar sin ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí sna muirir mhórdhíola agus mhiondíola as seirbhísí cumarsáide gutha agus sonraí a sholáthar do chustaiméirí fánaíochta, lena n-áirítear SMS agus MMS, agus moltaí a dhéanamh maidir leis an riachtanas atá ann na seirbhísí sin a rialáil, más cuí.

Gabhann an togra seo le Cumarsáid an Choimisiúin le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, ag tuairisciú ar a athbhreithniú ar fheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 717/2007.

Is é a chuspóir leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, chun an margadh aonair do chumarsáid leictreonach a neartú a thuilleadh trína áirithiú nach bhfuil na praghsanna a íocann úsáideoirí na líonraí poiblí móibíleacha as seirbhísí fánaíochta ar fud an Chomhphobail níos airde gan chúis nuair a thaistealaíonn siad laistigh den Chomhphobal ná na muirir atá iníoctha nuair atá siad ag glaoch, ag seoladh teachtaireachtaí SMS nó ag aistriú sonraí laistigh dá dtír baile agus go bhfuil an fhaisnéis ag úsáideoirí a theastaíonn uathu chun a gcaiteachas ar sheirbhísí fánaíochta a thuiscint agus a rialú.

- **Comhthéacs ginearálta**

Bhain Cumarsáid an Choimisiúin le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir lena athbhreithniú ar fheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 a thátal, cé go bhfuil cur chun feidhme an Rialacháin rianúil den chuid is mó, go bhfuil fadhbanna struchtúracha a chuireann srian ar fhórsaí iomaíochais sa mhargadh fánaíochta fós ann. Den chuid is mó, seo mar gheall

nach bhfuil fánaíocht ach ina gné amháin i gcuachadh seirbhísí móibíleacha níos leithne a cheannaíonn custaiméirí agus dá bharr sin nach n-imríonn sí tionchar ar an oibreoir a roghnaíonn siad de ghnáth.

Ina theannta sin, taispeánann sonraí a bhailigh Grúpa Rialtóirí na hEorpa (ERG), a chuimsíonn gach ceann de 27 rialtóir náisiúnta an AE (ÚRN) nach mbíonn dóthain éagsúlachta sna praghsanna do ghuthghlaonna fánaíochta ag an leibhéal mórdhíola agus miondíola faoi bhun na n-uasleibhéal a leagtar síos sa Rialachán chun fianaise a thabhairt go bhfuil iomaíocht shláintiúil ann. Bhain an Coimisiún a thátal mar sin gur chóir an Rialachán a shíneadh ar feadh tréimhse bhreise de thrí bliana i ndiaidh 2010 chun na leasanna atá ann a choinneáil.

Thug an Coimisiún ar aire freisin gur mhuirear ceilte don tomhaltóir atá sna cleachtais billeála a chuireann oibreoirí líonraí móibíleacha i bhfeidhm maidir le guthghlaonna fánaíochta, ina ngearrtar muirear ar ghlaonna go minic ar bhunús aonad suas le 60 soicind. Mheas an ERG go gcuireann sé seo thart ar 24% le bille fánaíochta Eoratharaif tipiciúil do ghlaonna a dhéantar agus 19% leis do ghlaonna a fhaightear.

Taispeánann anailís an Choimisiúin ar an deighleog SMS den mhargadh fánaíochta laistigh den Chomhphobal nach dtugann na costais bhunúsacha údar leis na praghsanna ag na leibhéil mhórdhíola agus mhiondíola araon agus nach bhfuil a ndóthain brú iomaíoch ar oibreoirí chun na praghsanna seo a laghdú, ar na fáthanna céanna atá ann d'fhánaíocht gutha. Taispeánann sonraí a bhailigh an ERG gur fhan praghsanna ag na leibhéil mhórdhíola agus mhiondíola cobhsaí agus ard sa tréimhse roimh an togra seo.

Bhain athbhreithniú an Choimisiúin ar an deighleog fánaíochta sonraí den mhargadh de thátal go raibh praghsanna don tseirbhís seo ard i gcomparáid leis na muirir do sheirbhísí comhchosúla sa mbaile nó leis na costais bhunúsacha a bhí ann chun iad a sholáthar agus go raibh an fhadhb níos measa fós de bharr easpa trédhearcachta. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé deacair do thomhaltóirí a thuiscint cé mhéid a íocfaidh siad as fánaíocht sonraí agus bhí go leor cásanna ina dtáinig billí an-arda gan choinne mar thoradh air, ina dtéann daoine a bhíonn ag taisteal faoi bhillí de na mílte euro as ucht sonraí a íoslódáil agus iad thar lear.

Ar an lámh eile, thaispeáin athbhreithniú an Choimisiúin go bhfuil praghsanna fós ar leibhéal ró-ard nach bhfuil call leis maidir le mórdhíol agus miondíol i gcomparáid le praghsanna baile ar sheirbhísí den sórt céanna, cé go bhféadfaidh siad a bheith ag titim maidir le seirbhísí fánaíochta sonraí. Dá bharr sin, tá gá soiléir ann le bearta le cur ar chumas na gcustaiméirí fánaíochta a gcaiteachas ar sheirbhísí fánaíochta sonraí a thuiscint agus a rialú ar shlí níos éifeachtaí agus chun billí an-arda a thagann gan choinne a chosc, chomh maith le bacainní a dhíchur maidir le húsáid seirbhísí móibíleacha fánaíochta sonraí ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus deireadh a chur le haon saobhadh suntasach maidir le hiomaíocht.

- **Na forálacha atá ann cheana i réimse an togra**

Is í an phríomhfhoráil atá ann cheana i réimse an togra seo ná Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 é féin, a ndéanfaidh an togra seo leasú air chun a chur chun feidhme ó thaobh ama de agus a raon feidhme a shíneadh.

Cuireann an creat rialúcháin 2002 reatha le haghaidh cumarsáide leictreonaí, a ndearnadh leasú air le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 chun an gá a bhí le bearta ar leith maidir le fánaíocht laistigh den Chomhphobal a thógáil san áireamh, meicníocht ar fáil chun oibleagáidí

rialaitheacha a chur i bhfeidhm maidir le gealltanais laistigh den earnáil chumarsáide leictreonaí, ar an mbonn de shainiú margaí ábhartha atá so-ghabhálach i leith rialáil *ex ante*, d'anailís mhargaidh agus de chinntí ceannais ag ÚRN. Ar na fáthanna a míníodh nuair a bhí togra á dhéanamh maidir le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, áfach, ciallaíonn saintréithe na margaí d'fhánaíocht idirnáisiúnta agus nádúr trasteorann na seirbhísí sin nach dtugann na huirlisí atá ar fáil ar shlí eile faoin gcreat modh éifeachtach do na ÚRN chun dul i ngleic leis an easpa brú iomaíoch agus leis na praghsanna arda atá mar thoradh leis sin. Tá na fáthanna seo chomh hábhartha céanna ó thaobh an Rialachán a shíneadh ó thaobh ama agus raon feidhme de, chun seirbhísí fánaíochta SMS agus fánaíochta sonraí a chlúdach.

Bíonn dlíthe cosanta tomhaltóra náisiúnta i roinnt Ballstát i bhfeidhm freisin maidir le gníomhaíochtaí a thiteann laistigh de Rialachán (CE) Uimh. 717/2007. Mar shampla chuir roinnt Ballstát riachtanais i bhfeidhm ar oibreoirí líonraí móibíleacha maidir le seirbhísí gutha a bhilleáil in aghaidh an tsoicind. Cruthaíonn sé seo coinníollacha rialaitheacha éagsúla d'oibreoirí i mBallstáit difriúla nach gcabhraíonn le feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair, i gcomhthéacs gníomhaíochta trasteorann atá faoi réir ag rialacha comhchuibhithe cosúil le fánaíocht a dhéanamh ar fud an Chomhphobail.

- **Comhsheasmhacht le beartais agus le cuspóirí eile an Aontais**

Tá an togra seo i gcomhréir leis an Straitéis Liospóin athnuaite chun fás agus poist a chothú trí iomaíochas níos fearr, tionscnamh i-2010 gaolmhar an Choimisiúin agus an tionscnamh de "Eoraip na dTorthaí".

## 2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ IARMHARTA

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**

*<u>Modhanna comhairliúcháin, na príomhearnálacha ar díríodh orthu agus próifíl ghinearálta na bhfreagróirí</u>*

Sheol ranna an Choimisiúin comhairliúchán fairsing i mí na Bealtaine 2008 ag lorg tuairimí maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 agus an síneadh féideartha air chuig seirbhísí fánaíochta SMS agus fánaíochta sonraí. Cuireadh 39 ceist maidir le feidhmiú an Rialacháin chomh maith le ceisteanna ar leith cosúil le fánaíocht gan chuimhneamh, an éifeacht ar oibreoirí níos lú agus praghsanna baile agus ceist na nóiméad i bhfírinne vs. na nóiméad billeáilte.

Cuireadh an comhairliúchán poiblí ar fáil tríd an suíomh gréasáin "Your voice in Europe".

*<u>Achoimre ar na freagraí agus ar an gcaoi ar tógadh san áireamh iad</u>*

Léirigh an cleachtadh comhairliúcháin go raibh tacaíocht leathan ó Bhallstáit, ó ÚRN, ón ERG agus ó dhreamanna tomhaltóirí chun an Rialachán a shíneadh agus a leathnú chuig seirbhísí fánaíochta SMS agus fánaíochta sonraí. Bhí roinnt oibreoirí níos lú i bhfabhar an Rialachán a shíneadh chuig seirbhísí fánaíochta SMS agus fánaíochta sonraí mórdhíola freisin. Cé go raibh an chuid is mó de na hoibreoirí i gcoinne an Rialachán a shíneadh agus gur dhiúltaigh siad do rialáil ar sheirbhísí fánaíochta SMS agus fánaíochta sonraí, d'admhaigh go leor acu go raibh gá ann dul i ngleic leis na 'billí an-arda a thagann gan choinne' do sheirbhísí fánaíochta sonraí.

Rinneadh comhairliúchán oscailte ar an idirlíon ón 7 Bealtaine 2008 go dtí an 2 Iúil 2008. Fuair an Coimisiún 44 freagra. Tá na torthaí ar fáil ag: http://ec.europa.eu/information_society/activities/roaming/regulation/consult08/contributions/index_en.htm.

- **Bailiú agus úsáid an tsaineolais**

*Réimsí eolaíochta/saineolais ábhartha*

Rinne an Coimisiún staidéar ar sheirbhísí fánaíochta sonraí a choimisiúnú, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2008.

*Modheolaíocht ar baineadh úsáid as*

Bhreathnaigh an staidéar ar fheidhmiú na seirbhísí fánaíochta sonraí agus rinne sé measúnú ar cad iad na riachtanais theicniúla a theastaíonn chun seirbhísí mar sin a chur ar fáil.

*Príomheagraíochtaí/saineolaithe a bhfuarthas comhairle uathu*

Connect2Roam

*Achoimre ar an gcomhairle a fuarthas agus ar baineadh úsáid aisti*

Rinne an staidéar comparáid idir praghsanna do sheirbhísí baile agus fánaíochta agus bhreathnaigh sé ar na gnéithe ó thaobh costais de a bhaineann go sonrach le seirbhísí fánaíochta sonraí a sholáthar.

*Modh ar baineadh úsáid as chun comhairle na saineolaithe a chur ar fáil go poiblí*

Foilsíodh an staidéar ag http://ec.europa.eu/information_society/activities/roaming/docs/study_data_roaming.pdf.

- **Measúnú iarmharta**

Rinne an measúnú iarmharta don togra seo an raon roghanna seo a leanas a scrúdú: gan athrú sa bheartas, féinrialáil, comhrialáil, rialáil le dlí bog agus rialáil dhírithe i gceithre réimse ar leith: fánaíocht gutha, billeáil in aghaidh an tsoicind, fánaíocht SMS agus fánaíocht sonraí.

De bharr na dteorainneacha struchtúracha bunúsacha atá fós ann maidir le hiomaíocht sna margaí fánaíochta, ní réiteach inmharthana a bheadh ann na fadhbanna a fhágáil chun go rachfaí i ngleic leo trí fhéinrialáil nó trí chomhrialáil. De bharr an easpa freagartha ón tionscal den chuid is mó roimh ghlaonna ar mhuirir fhánaíochta SMS níos ísle, an fhéidearthacht atá go mbeadh cur chuige an-éagsúil ag an leibhéal náisiúnta (roimh rud ar fhadhb trasteorann é) agus mar gheall nach bhfuil na huirlisí riachtanacha rialála ag aon ÚRN amháin chun dul i ngleic leis an bhfadhb ag na leibhéil mhórdhíola agus mhiondíola araon, measadh nach dócha go mbeadh cur chuige dlí bog dóthanach chun dul i ngleic leis na fadhbanna bunúsacha leanúnacha. Dá bhrí sin cuireadh na roghanna maidir le féinrialáil, comhrialáil agus rialáil dlí bog i leataobh.

Rinneadh rialáil dhírithe a mheas mar sin.

Measadh nach n-áiritheodh brath ar rialáil mhórdhíola nó rialáil mhiondíola amháin baint amach na gcuspóirí i leith fánaíocht ghutha agus SMS. Rinneadh scrúdú ar theaglaim de rialáil mhórdhíola agus miondíola mar sin.

Maidir le billeáil in aghaidh an tsoicind, measadh go mbeadh idirghabháil riachtanach chun comhsheasmhacht a áirithiú ar fud an mhargaidh aonair. Ag an leibhéal miondíola ba é an rogha tosaíochta ná ligean d'oibreoirí táille uasta a ghearradh chun glao fánaíochta a chur ar bun, agus í cothrom leis an gcéad 30 soicind den ghlao fánaíochta, agus billeáil in aghaidh an tsoicind ina dhiaidh sin. Measadh gur chóir go mbeadh billeáil in aghaidh an tsoicind i bhfeidhm ag an leibhéal mórdhíola.

Rinneadh scrúdú ar roinnt roghanna le haghaidh seirbhísí fánaíochta sonraí freisin. Measadh gurb é an réiteach ab fhearr ná bearta trédhearcachta láidre a thabhairt isteach, in éineacht le meicníocht chosanta taraife ag an leibhéal mórdhíola le go mbeadh sé ní ba éasca d'oibreoirí na costais a bheadh orthu a thuar.

Rinne an Coimisiún measúnú iarmharta mar atá liostaithe sa Chlár Oibre, agus tá an tuarascáil ar sin ar fáil ag:
http://ec.europa.eu/information_society/activities/roaming/index_en.htm.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ DEN TOGRA

- **Achoimre ar an mbeart atá á mholadh**

Déanann an togra foráil chun am agus raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 a shíneadh. Maidir le fánaíocht gutha, síníonn an togra an Rialachán reatha ar feadh trí bliana eile agus leagann sé síos uasteorainneacha nua i rith na tréimhse sínte do na muirir gur féidir le hoibreoirí na líonraí móibíleacha a ghearradh chun soláthar mórdhíola a dhéanamh ar ghlaonna fánaíochta rialáilte. Déanann an togra uasteorainneacha nua a bhunú i rith na tréimhse sínte do mhuirir atá faoi réir ag Eoratharaif chun a áirithiú go gcuirfear na leasanna a bhaineann leis na laghduithe seo ar aghaidh chuig na húsáideoirí deiridh. Chomh maith leis sin, tá sé mar choinníoll sa togra gur chóir go mbeadh ceanlgais le haghaidh billeála in aghaidh an tsoicind i bhfeidhm ag an leibhéal mórdhíola chomh maith leis an leibhéal miondíola faoi réir ag íostréimhse muirir ag leibhéal miondíola de suas le 30 soicind do ghlaonna fánaíochta a dhéantar.

Déanann an togra Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 a shíneadh freisin chun seirbhísí fánaíochta SMS laistigh den Chomhphobal a chlúdach, trí uasteorainn a bhunú do na muirir gur féidir le hoibreoirí líonraí móibíleacha a ghearradh chun soláthar mórdhíola a dhéanamh ar theachtaireachtaí fánaíochta SMS a sheoltar laistigh den Chomhphobal agus trí cheangal a chur ar oibreoirí líonraí móibíleacha 'taraif Eura-SMS' a chur ar fáil dá gcuid custaiméirí fánaíochta, nach féidir a bheith níos mó ná uasteorainn ó thaobh praghas de in aghaidh an SMS.

Chuireann an togra trédhearcacht praghsanna chun cinn trí shíneadh a dhéanamh ar an oibleagáid atá ar soláthraithe líonraí móibíleacha chun faisnéis phearsantaithe a chur ar fáil dá gcuid custaiméirí fánaíochta agus iad ag dul isteach i mBallstát eile, le go n-áireofaí léi faisnéis faoin gcostas a bhaineann le teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte a chur.

Tugtar an dáta atá ann don laghdú sna teorainneacha praghsanna ar ghlaonna fánaíochta rialáilte ag na leibhéil mhórdhíola agus mhiondíola in 2009 chun tosaigh ón 30 Lúnasa go dtí

an 1 Iúil, chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht leis na hoibleagáidí maidir le praghsáil na dteachtaireachtaí SMS rialáilte. Ar an mbealach seo, beidh úsáideoirí na seirbhísí fánaíochta gutha agus SMS araon in ann leas a bhaint as na taraifí nua i rith na tréimhse ina mbeidh an t-éileamh is mó ann ar na seirbhísí sin.

Chomh maith leis sin, tugann an togra isteach meicníochtaí maidir le trédhearcacht praghsanna agus meicníochtaí chun seirbhísí fánaíochta sonraí a chosaint, le go mbeidh custaiméirí in ann a gcaiteachas ar na seirbhísí seo a thuiscint agus a rialú níos fearr agus chun billí an-arda a thagann gan choinne a sheachaint. Ciallaíonn sé seo go háirithe go mbeidh ar oibreoirí a gcuid custaiméirí fánaíochta a chur ar an eolas go bhfuil siad ag fánaíocht nuair a chuireann siad tús le seisiún fánaíochta sonraí agus iad ag dul isteach i mBallstát eile agus go mbeidh orthu faisnéis phearsantaithe a sholáthar faoi na taraifí atá i bhfeidhm don tseirbhís sin. Ceanglófar ar oibreoirí freisin, laistigh de thart ar bhliain amháin ón uair a thiocfaidh na leasuithe atá sa togra i bhfeidhm, deis shaor in aisce a thabhairt do na custaiméirí fánaíochta ar fad uasteorainn airgeadais a shonrú roimh ré le haghaidh fánaíochta sonraí.

Chomh maith leis sin, leagann an togra síos teorainn ar an meánmhuirear mórdhíola gur féidir le hoibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a ghearradh ar oibreoir líonra baile chustaiméir fánaíochta as seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar, mar mheicníocht chosanta le go mbeidh ráthaíocht áirithe ag soláthraithe fánaíochta maidir leis na costais mhórdhíola a bheidh ann agus lo go seachnófar saobhadh suntasach maidir le hiomaíocht, toisc go bhfuil muirir mhórdhíola arda fós ann (go háirithe ar líonraí nach líonraí tosaíochta iad) agus teorainneacha ó thaobh stiúradh tráchta de.

Ar deireadh, déanann an togra leasú ar an téarma "líonraí poiblí teileafón soghluaiste" go léifidh sé mar "líonraí poiblí cumarsáide móibílí" i Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 agus in Airteagal 1(5) de Threoir an Chreata, lena áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht leanúnach ann leis an téarmaíocht a húsáidtear in áiteanna eile sa chreat rialúcháin do chumarsáid leictreonach, i bhfianaise na leasuithe ar an gcreat atá molta ag an gCoimisiún agus atá á bplé i bParlaimint na hEorpa agus i gComhairle na hEorpa faoi láthair.

- **Bunús dlí**

Airteagal 95 CE.

- **Prionsabal na Coimhdeachta**

Tá feidhm le prionsabal na coimhdeachta sa mhéid nach bhfuil an togra faoi réir inniúlacht eisiach an Chomhphobail.

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach a ndóthain ar an gcúis/na cúiseanna seo a leanas.

Na tréithe speisialta céanna atá i bhfeidhm don mhargadh fánaíochta gutha agus a bhfuil gníomh dlite acu faoi Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, tá feidhm acu maidir le seirbhísí fánaíochta SMS agus fánaíochta sonraí a sholáthar ar fud an Chomhphobail. I gcás na seirbhísí seo ar fad, ní bheadh gníomh de chuid na mBallstát éifeachtach chun an fhadhb bhunúsach a réiteach d'easpa brú iomaíoch sa mhargadh fánaíochta agus na praghsanna arda agus trédhearcacht íseal atá ann dá bharr, mar gheall gur seirbhísí trasteorann atá i gceist leo agus nach bhfuil mórán uirlisí rialála ar fáil seachas sin.

Bheadh an baol ann go mbeadh torthaí éagsúla ann dá dtógfadh Ballstáit gníomh leo féin chun dul i ngleic leis na fadhbanna a chlúdaítear sa togra seo, rud a chuirfeadh feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair i mbaol.

Is fearr a bhainfidh gníomh an Chomhphobail amach cuspóirí an togra ar an gcúis/na cúiseanna seo a leanas.

Mar gheall ar na cineálacha seirbhíse atá i gceist leo, imríonn soláthar de sheirbhísí móibíleacha fánaíochta cosúil le guthghlaonna, SMS agus aistriú sonraí laistigh den Chomhphobal tionchar ar gach ceann de na Ballstáit agus bíonn feidhm acu ar leasanna páirtithe i mBallstáit difriúla go comhuaineach. Tá cur chuige comhchuibhithe riachtanach ag leibhéal an Chomhphobail mar sin le comhsheasmhacht maidir le cur i bhfeidhm a ráthú agus lena áirithiú go ndéantar leas na dtomhaltóirí agus na ngnóthas sna Ballstáit ar fad a chosaint.

Le go mbainfí tairbhe iomlán as buntáistí an mhargaidh aonair ó thaobh seirbhísí fánaíochta ar fud an Chomhphobail de, ba chóir go mbeadh úsáideoirí na seirbhísí sin in ann a bheith ag súil leis go mbeadh an leibhéal cosanta céanna agus na leasanna céanna acu, beag beann ar an áit ina bhfuil siad lonnaithe laistigh den Aontas.

Ní féidir leis na Ballstáit cosaintí breise a bhunú d'úsáideoirí guththeileafónaíochta móibílí, seirbhísí fánaíochta SMS agus fánaíochta sonraí agus d'oibreoirí na seirbhísí sin ar bhonn neamhidirdhealaitheach ar fud an Chomhphobail ar bhealach slán, comhchuibhithe agus tráthúil agus mar sin is fearr is féidir leis an gComhphobal é sin a bhaint amach. Ina theannta sin, toisc go bhfuil leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 agus ar Threoir 2002/21/CE ag teastáil don togra, ní féidir é seo a bhaint amach ach le gníomh ag leibhéal an Chomhphobail.

Cloíonn an togra le prionsabal na coimhdeachta mar sin.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Cloíonn an togra le prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas:

Chuirfeadh an gníomh rialaitheach atá beartaithe isteach ar an mbealach is lú ar iompar tráchtála na ngnóthas a mbeadh tionchar aige orthu. Trí uasteorainneacha praghsanna a shocrú do ghuthghlaonna fánaíochta agus do theachtaireachtaí SMS fánaíochta ag na leibhéil mhórdhíola agus mhiondíola agus trí bhearta trédhearcachta praghsanna, chomh maith le meicníocht chosanta a thugtar isteach do mhuirir fánaíochta sonraí mórdhíola, áirithítear go mbeidh an saobhadh is lú ann ar choinníollacha iomaíochta i gcomhréir leis na cuspóirí, ós rud é go dtugann sé saoirse d'oibreoirí dul san iomaíocht agus chun an méid atá siad ag soláthar a idirdhealú laistigh de na teorainneacha a chuirtear ar fáil. Maidir le seirbhísí fánaíochta gutha agus SMS, tá rialáil mhiondíola riachtanach lena áirithiú go gcuirtear an leas ó phraghsanna mórdhíola níos ísle ar aghaidh chuig custaiméirí miondíola. Fágann an gníomh atá beartaithe an cúram as monatóireacht agus forghníomhú a dhéanamh faoin údarás rialaitheach atá freagrach as cumarsáid leictreonach i ngach Ballstát.

Mar gheall ar chineál agus ar shimplíocht na ngníomhartha rialaitheacha a roghnaítear sa togra agus ar chur chun feidhme a chuid oibleagáidí go díreach laistigh den Chomhphobal, beidh an t-ualach riarachán agus airgeadais is lú ar an gComhphobal agus ar rialtais agus údaráis náisiúnta.

- **Rogha na hionstraime**

Ionstraim a moltar: rialachán.

Toisc go moltar Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 a leasú ar bhealach a luaitear sa Rialachán é féin agus chun leasú breise a dhéanamh ar Threoir 2002/21/CE, is é rialachán leasaithe an t-aon ionstraim oiriúnach.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl impleachtaí ar bith ag an togra ar bhuiséad an Chomhphobail.

## 5. FAISNÉIS BHREISE

- **Clásal athbhreithnithe/athcheartaithe/éagtha**

Cuimsíonn an togra seo clásal athbhreithnithe.

Cuimsíonn an togra seo clásal éagtha.

- **An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**

Baineann an togra le ceann de ghnóthaí an LEE agus ba cheart mar sin é a leathnú chun an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

2008/0187 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí teileafón soghluaiste laistigh den Chomhphobal agus Treoir 2002/21/CE maidir le comhchreat rialúcháin i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 95 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Tar éis dul i mbun comhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh[3],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2007 maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí teileafón soghluaiste laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 2002/21/CE[4] forchuireadh teorainneacha maidir leis na muirir gur féidir le hoibreoirí líonraí móibíleacha a ghearradh, ag leibhéil mhórdhíola agus mhiondíola, chun seirbhísí fánaíochta idirnáisiúnta a sholáthar le haghaidh guthglaonna a thionscnaítear agus a chríochnaítear laistigh den Chomhphobal. Leag an Rialachán sin síos rialacha freisin a raibh sé mar chuspóir acu trédhearcacht praghsanna a mhéadú agus feabhas a chur ar sholáthar faisnéise maidir le muirir d'úsáideoirí seirbhísí fánaíochta ar fud an Chomhphobail.

(2) Rinne an Coimisiún athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, áit ar ceanglaíodh air meastóireacht a dhéanamh ar baineadh amach cuspóirí an Rialacháin, athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí sna muirir mhiondíola agus mhórdhíola as seirbhísí cumarsáide gutha agus sonraí, lena n-áirítear SMS agus MMS, a sholáthar do chustaiméirí fánaíochta sonraí, agus moltaí a dhéanamh maidir leis an riachtanas atá ann na seirbhísí sin a rialáil, más cuí. Ina thuarascáil chuig

1 IO C , , lch. .
2 IO C , , lch. .
3 IO C , , lch. .
4 IO L 171, 29.6.2007, lch. 32.

Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, a bhí ar fáil ina Theachtaireacht an [] 2008[5], bhain an Coimisiún de thátal go raibh sé oiriúnach bailíocht an Rialacháin a shíneadh thar an 30 Meitheamh 2010.

(3) Ina theannta sin, mheas an Coimisiún gur chóir raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 a shíneadh chun soláthar seirbhísí fánaíochta SMS agus fánaíochta sonraí laistigh den Chomhphobal a fholú. Na saintréithe céanna atá ag na margaí fánaíochta idirnáisiúnta, saintréithe a thug údar le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 a ghlacadh agus le hoibleagáidí a leagan ar oibreoirí líonraí móibíleacha i leith seirbhísí fánaíochta gutha ar fud an Chomhphobail a sholáthar, baineann siad le seirbhísí fánaíochta SMS agus fánaíochta sonraí ar fud an Chomhphobail a sholáthar chomh maith. Cosúil le guthghlaonna fánaíochta, ní cheannaítear seirbhísí fánaíochta SMS agus fánaíochta sonraí go neamhspleách ag an leibhéal náisiúnta; níl iontu ach cuid de phacáiste miondíola níos leithne a cheannaíonn custaiméirí óna soláthraí baile, rud a chuireann srian ar iomaíocht. Mar an gcéanna, toisc gur seirbhísí trasteorann atá i gceist, níl na húdaráis rialaitheacha náisiúnta atá freagrach as cosaint agus cur chun cinn na leasanna atá ag custaiméirí seirbhísí móibíleacha atá ina gcónaí ina gcríoch in ann iompar oibreoirí an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, atá lonnaithe i mBallstáit eile, a rialáil.

(4) Mar gheall air seo, ghlaoigh na húdaráis rialaitheacha náisiúnta, agus iad ag gníomhú laistigh de Ghrúpa Rialtóirí na hEorpa (ERG), arís eile ar an gCoimisiún ina fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí faoin athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, gníomhú ag leibhéal an Chomhphobail, ó thaobh síneadh ama a thabhairt don Rialachán agus ó thaobh seirbhísí fánaíochta SMS agus fánaíochta sonraí a rialáil, chomh fada agus a bhaineann sé le trédhearcacht.

(5) Ní thugann sonraí faoi fhorbairt praghsanna do sheirbhísí fánaíochta gutha ar fud an Chomhphobail ón uair a tháinig Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 i bhfeidhm, lena n-áirítear iad sin a bhailigh na húdaráis rialaitheacha náisiúnta agus a tuairiscíodh ar bhonn ráithiúil trí mheán ERG, a ndóthain fianaise le tabhairt le fios gur dócha go mbeidh iomaíocht ag na leibhéil mhiondíola nó mhórdhíola inbhuanaithe ó mhí an Mheithimh 2010 ar aghaidh gan bearta rialaitheacha a bheith i bhfeidhm. Tugann na sonraí sin le fios go bhfuil praghsanna miondíola agus mórdhíola cnuasaithe ag na teorainneacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 nó gar dóibh, gan ach iomaíocht theoranta a bheith ann faoi bhun na dteorainneacha sin.

(6) Bheadh dul in éag na gcosaintí rialaitheacha atá i bhfeidhm do sheirbhísí fánaíochta gutha laistigh den Chomhphobal ag leibhéil mhórdhíola agus mhiondíola de bhua Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 i mí an Mheithimh 2010 ina chúis shuntasach baoil gurb é an toradh a bheadh ar an easpa brúnna iomaíochta sa mhargadh fánaíochta gutha agus an dreasacht a bheadh ann d'oibreoirí líonraí móibíleacha a gcuid ioncaim fánaíochta a uasmhéadú ná aisiompú chuig praghsanna miondíola agus mórdhíola ar fhánaíocht laistigh den Chomhphobal nach léiríonn ar bhealach réasúnta na costais bhunúsacha atá i gceist chun an tseirbhís a sholáthar, rud a chuirfeadh cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 i mbaol. Ba chóir Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 a shíneadh mar sin i ndiaidh an 30 Meitheamh 2010 ar feadh tréimhse bhreise de thrí bliana le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú trína ráthú go

---

[5] [ ]

mbainfidh tomhaltóirí leas as an ráthaíocht nach ndéanfar praghas iomarcach a ghearradh orthu agus iad ag déanamh nó ag fáil glao fánaíochta rialáilte, agus dóthain ama a chur ar fáil ag an am céanna chun iomaíocht a fhorbairt.

(7) Ba chóir go leanfadh leibhéil na meánmhuirear mórdhíola uasta ar ghlaonna fánaíochta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ar aghaidh ag dul i laghad thar thréimhse shínte an Rialacháin chun costais atá ag dul i laghad a léiriú, lena n-áirítear laghduithe ar na rátaí críochnaithe maidir le glaonna móibíleacha rialáilte sna Ballstáit, chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh ag chomhlíonadh an dá chuspóir, mar atá fáil réidh le praghsanna iomarcacha agus saoirse a thabhairt d'oibreoirí dul san iomaíocht lena chéile agus a bheith nuálaíoch.

(8) Ba chóir an dáta atá ann don laghdú sna huasteorainneacha ar phraghsanna ar ghlaonna fánaíochta rialáilte ag na leibhéil mhórdhíola agus mhiondíola araon in 2009 a thabhairt chun tosaigh ón 30 Lúnasa go dtí an 1 Iúil, le comhsheasmhacht a áirithiú le tús na n-oibleagáidí a ndéanfar foráil dóibh sa Rialachán seo maidir le praghsanna na dteachtaireachtaí SMS rialáilte. Ar an mbealach seo, beidh úsáideoirí na seirbhísí fánaíochta gutha agus SMS araon in ann leas a bhaint as na taraifí nua i rith na tréimhse ina mbeidh an t-éileamh is mó ann ar na seirbhísí sin.

(9) Mar gheall air go ndéantar comhlíonadh an teorainn do mhuirir mhórdhíola a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 a thomhas trí thagairt a dhéanamh don meánphraghas mórdhíola atá i bhfeidhm idir dhá oibreoir ar bith thar tréimhse 12 mhí, is cuí a shoiléiriú gur féidir le tréimhse níos giorra a bheith i gceist, mar shampla nuair atá laghdú sceidealaithe do leibhéal an meánmhuirear mórdhíola uasta roimh dheireadh na tréimhse 12 mhí.

(10) De dheasca an chleachtais atá ag roinnt oibreoirí líonraí móibíleacha billeáil as glaonna fánaíochta mórdhíola a sholáthar ar bhonn íostréimhsí muirir de suas le 60 soicind, os coinne íostréimhse soicind mar atá i bhfeidhm de ghnáth do mhuirir idirnaisc mórdhíola eile, cruthaítear saobhadh iomaíochta idir na hoibreoirí sin agus iad siúd atá ag baint úsáide as modhanna billeála eile agus baineann sé an bonn ó na huasteorainneacha ar phraghsanna a tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007. Ina theannta sin is muirear breise atá i gceist leis a bhfuil tionchar diúltach aige ó thaobh praghsanna na seirbhísí fánaíochta gutha ag an leibhéal miondíola de, trí chostais mhórdhíola a ardú. Ba cheart go gceanglófaí ar oibreoirí líonraí móibíleacha mar sin soláthar mórdhíola a bhilleáil in aghaidh an tsoicind maidir le glaonna fánaíochta rialáilte.

(11) Ba chóir go leanfadh na leibhéil uasta den Eoratharaif, do ghlaonna a dhéantar agus a fhaightear araon, ar aghaidh ag laghdú gach bliain i rith na tréimhse sínte ina mbeidh Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 bailí ar bhealach atá comhsheasmhach leis na laghduithe a bhí ag teastáil sa tréimhse tosaigh ina raibh an Rialachán sin i bhfeidhm, chun na laghduithe leanúnacha ar na praghsanna baile ar úsáid teileafón soghluaiste go ginearálta a léiriú chomh maith leis na laghduithe leanúnacha sna costais bhunúsacha a bhaineann le glaonna fánaíochta rialáilte a sholáthar. Ar an mbealach seo, déantar leanúnachas éifeachtaí an Rialacháin a choinneáil.

(12) Ba chóir go dtabharfadh na corrlaigh mhéadaithe idir na muirir uasta mhórdhíola agus mhiondíola a ndéantar foráil dóibh sa Rialachán seo deis mhéadaithe d'oibreoirí dul

san iomaíocht ó thaobh praghsanna de ag an leibhéal miondíola, rud a mhéadóidh an seans go dtiocfaidh margadh chun cinn lena bhfuil an iomaíocht chuí ag baint.

(13) Mheas an ERG gur chuir cleachtas oibreoirí líonraí móibíleacha de thréimhsí muirir de níos mó ná soicind amháin a úsáid agus i mbun billeála do sheirbhísí fánaíochta ag an leibhéal miondíola 24% le bille Eoratharaife tipiciúil do ghlaonna a dhéantar agus 19% do ghlaonna a fhaightear. Shonraigh siad freisin gur cineál muirir cheilte atá i gceist leo seo mar gheall nach bhfuil siad soiléir don chuid is mó de na tomhaltóirí. Is mar gheall air seo gur mhol an ERG go dtógfaí gníomh práinneach chun dul i ngleic leis na cleachtais éagsúla billeála a chuirtear i bhfeidhm ar an Euratharaif ag an leibhéal miondíola.

(14) Cé gur bhunaigh Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 cur chuige comhchoiteann maidir le háirithiú nach ndéantar praghsanna iomarcacha a ghearradh ar chustaiméirí fánaíochta as glaonna fánaíochta rialáilte trí Eoratharaif a thabhairt isteach sa Chomhphobal, baineann na cleachtais éagsúla ó thaobh na n-aonad billeála a chuireann oibreoirí líonraí móibíleacha i bhfeidhm an bonn go mór ó chur i bhfeidhm comhleanúnach a dhéanamh air. Ciallaíonn sé seo freisin, in ainneoin gur seirbhísí trasteorann ar fud an Chomhphobail atá i gceist le seirbhísí fánaíochta laistigh den Chomhphobal, go bhfuil cineálacha cur chuige éagsúla ann maidir le billeáil a dhéanamh ar ghlaonna fánaíochta rialáilte, rud a dhéanann coinníollacha iomaíochta a shaobhadh sa mhargadh aonair.

(15) Ba chóir sraith de rialacha coiteann ó thaobh na n-aonad a úsáidtear sna billí Eoratharaife ag an leibhéal miondíola a thabhairt isteach chun an margadh aonair a neartú a thuilleadh agus chun leibhéal cosanta coiteann a chur ar fáil ar fud an Chomhphobail do thomhaltóirí na seirbhísí fánaíochta sa Chomhphobal.

(16) Ba chóir go gceanglófaí ar sholáthraithe glaonna fánaíochta rialáilte ag an leibhéal miondíola a gcuid custaiméirí a bhilleáil ar bhonn in aghaidh an tsoicind do na glaonna ar fad atá faoi réir Eoratharaife, ach amháin an fhéidearthacht a bheith ann tréimhse muirir thosaithe íosta de 30 soicind ar a mhéid a chur i bhfeidhm do ghlaonna a dhéantar. Ligfidh sé seo d'oibreoirí costais réasúnta ar bith a chlúdach ó thaobh glaonna a chur ar bun chomh maith le solúbthacht iomaíochta a sholáthar trí íostréimhsí muirir níos giorra a thairiscint. Níl údar le tréimhse muirir thosaithe íosta i gcás glaonna Eoratharaife a fhaightear áfach, toisc go ndéantar an costas mórdhíola bunúsach a ghearradh in aghaidh an tsoicind agus go gclúdaítear costais shonracha ar bith a bhaineann leis an glao a chur ar bun sna rátaí chun deireadh a chur le glao ó theileafón soghluaiste.

(17) Ó thaobh seirbhísí fánaíochta SMS de, léirigh na sonraí margaidh a bhailigh an ERG agus an Coimisiún ó tháinig Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 i bhfeidhm go bhfuil cor fós ann ar fud an Chomhphobail ina bhfuil muirir mhórdhíola do na seirbhísí seo cobhsaí don chuid is mó agus níl aon bhaint acu i ndáiríre leis na costais bhunúsacha. Mar is amhlaidh i gcás na seirbhísí fánaíochta gutha, dealraíonn sé nach bhfuil a ndóthain brúnna iomaíocha ar oibreoirí chun praghsanna mórdhíola a laghdú. D'fhan praghsanna miondíola ar sheirbhísí fánaíochta SMS cobhsaí go maith freisin, faoi réir ag corrlaigh arda agus le praghsanna atá cuid shuntasach níos mó ná seirbhísí SMS baile atá ar aon dul leo, gan údar soiléir ar bith a bheith leis seo.

(18) Díreach mar is amhlaidh i gcás guthghlaonna fánaíochta, tá baol suntasach ann, dá ndéanfaí oibleagáidí mórdhíola ó thaobh praghsanna de amháin a chur i bhfeidhm, nach mbeadh rátaí ní ba ísle do chustaiméirí miondíola mar thoradh air. Ar an lámh eile, dá rachfaí i mbun gnímh chun praghsanna miondíola a laghdú gan dul i ngleic le leibhéal an chostais mórdhíola a bhaineann leis na seirbhísí seo a sholáthar d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do staid roinnt oibreoirí, go háirithe na cinn níos lú, trí chur leis an mbaol go mbeadh cúngach praghsanna ann.

(19) Ina theannta sin, mar gheall ar struchtúr ar leith an mhargaidh fánaíochta agus é a bheith trasteorann níor chuir creat rialúcháin 2002 uirlisí oiriúnacha ar fáil do na húdaráis rialaitheacha náisiúnta chun dul i ngleic go héifeachtach leis na fadhbanna ó thaobh iomaíochta de atá taobh thiar de leibhéal ard na bpraghsanna mórdhíola agus miondíola do sheirbhísí fánaíochta SMS rialáilte. Teipeann air seo feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus ba chóir é a cheartú.

(20) Shonraigh an ERG freisin ina fhreagra ar chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin maidir le hathbhreithniú ar fheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 gur mheas sé go raibh sé riachtanach fánaíocht SMS a rialáil, ag na leibhéil mhórdhíola agus mhiondíola araon, le gur fearr a bheadh praghsanna i gcomhréir le costais agus le praghsanna baile. Mheas sé go mbeadh socruithe ar aon dul leo siúd d'fhánaíocht ghutha oiriúnach. Go sonrach, mhol an ERG caidhp a chur ar an meánráta mórdhíola a ghearrfadh oibreoir ar bith ar oibreoir ar bith eile le haghaidh fánaíochta SMS; chomh maith leis an oibleagáid Eoratharaife a leasú le go mbeadh tairiscint d'fhánaíocht SMS san áireamh ann ag ráta nach mbeadh níos mó ná uaschaidhp shonraithe.

(21) Ba chóir oibleagáidí rialaitheacha a chur i bhfeidhm mar sin i leith seirbhísí fánaíochta SMS rialáilte ag an leibhéal mórdhíola, chun caidreamh níos réasúnta a bhunú idir na muirir mhórdhíola agus costais bhunúsacha an tsoláthair, agus ag an leibhéal miondíola chun leas na gcustaiméirí fánaíochta a chosaint.

(22) Ba chóir go rachadh na hoibleagáidí rialaitheacha seo i bhfeidhm chomh luath agus is féidir, ach tréimhse réasúnta a thabhairt do na hoibreoirí atá i gceist a bpraghsanna agus a dtairiscintí seirbhíse a chur in oiriúint lena áirithiú go bhfuil siad ag cloí leo.

(23) Is é an cur chuige is éifeachtaí agus is comhréirí maidir le rialáil leibhéal na bpraghsanna ar theachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte ag an leibhéal mórdhíola ná meánmhuirear uasta in aghaidh an SMS a sheolfaí ó líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a shocrú ag leibhéal an Chomhphobail. Ba chóir go mbeadh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola idir aon phéire d'oibreoirí líonraí móibíleacha laistigh den Chomhphobal thar tréimhse shonraithe.

(24) Ba chóir go gcuimseodh an teorainn do phraghas mórdhíola d'fhánaíocht SMS rialáilte na costais ar fad atá ar sholáthraí na seirbhíse mórdhíola, lena n-áirítear, i measc nithe eile, an túsphointe, tarchur agus costas nach ndéantar a ghnóthú as deireadh a chur le teachtaireachtaí fánaíochta SMS ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air. Mar sin, ba chóir go mbeadh cosc ar sholáthraithe mórdhíola seirbhísí fánaíochta SMS rialáilte muirear ar leith a thabhairt isteach chun deireadh a chur le teachtaireachtaí fánaíochta SMS ar a líonra, lena áirithiú go gcuirtear na rialacha a bhunaítear leis an Rialachán seo i bhfeidhm go leanúnach.

(25) Is é an cur chuige is éifeachtaí agus is comhréirí maidir le rialáil leibhéal na bpraghsanna ar theachtaireachtaí fánaíochta SMS ar fud an Chomhphobail ag an leibhéal miondíola ná riachtanas a thabhairt isteach d'oibreoirí na líonraí móibíleacha chun taraif Eura-SMS a thairiscint dá gcuid custaiméirí fánaíochta nach sáraíonn teorainn sonraithe praghais. Ba chóir an taraif Eura-SMS a shocrú ag leibhéal a ráthaíonn go bhfuil corrlach dóthanach ag oibreoirí agus a dhéanann léiriú níos fearr ar na costais mhiondíola bhunúsacha freisin.

(26) Ba chóir go n-áiritheodh an cur chuige rialaitheach seo go dtugann muirir mhiondíola ar theachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte léiriú níos réasúnta ar na costais bhunúsacha a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar ná mar b'amhlaidh go dtí seo. Ba chóir go léireodh an taraif Eura-SMS uasta gur féidir a thairiscint do chustaiméirí fánaíochta corrlach réasúnta thar na costais a bhaineann le seirbhís fánaíochta SMS rialáilte a sholáthar, agus ag an am gcéanna saoirse a thabhairt d'oibreoirí chun idirdhealú a dhéanamh idir a gcuid tairiscintí agus chun struchtúir praghsanna a chur in oiriúint do choinníollacha an mhargaidh agus na roghanna is fearr leis na tomhaltóirí. Ní chóir go mbeadh an cur chuige rialaitheach seo i bhfeidhm do sheirbhísí SMS breisluacha.

(27) Ní chóir go mbeadh ar chustaiméirí fánaíochta aon mhuirear breise a íoc le go bhfaighidh siad teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte agus iad ag fánaíocht ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, toisc go bhfuil na costais a bhaineann le deireadh mar sin a chur le teachtaireacht cúitithe cheana féin sa mhuirear miondíola a ghearrtar as teachtaireacht fánaíochta SMS a sheoladh.

(28) Ba chóir go mbeadh taraif Eura-SMS i bhfeidhm do chustaiméir fánaíochta ar bith, nua nó reatha, nár roghnaigh nó nach roghnaíonn d'aon gnó taraif fánaíochta SMS speisialta nó pacáiste do sheirbhísí fánaíochta a chuimsíonn seirbhísí fánaíochta SMS rialáilte.

(29) Chun nascacht agus idir-inoibritheacht ó cheann go ceann a áirithiú do na custaiméirí fánaíochta atá ag seirbhísí fánaíochta SMS rialáilte, ba chóir go rachadh údaráis rialaitheacha náisiúnta i mbun idirghabhála ar bhonn tráthúil i gcomhréir leis na forálacha in Airteagal 5 de Threoir 2002/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 7 Márta 2002 maidir le rochtain ar, agus idirnasc idir, líonraí cumarsáide leictreonaí agus áiseanna gaolmhara (Treoir na Rochtana)[6] ar bhonn comhordaithe, agus i gcomhréir freisin le forálacha in Airteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 agus Airteagal 21 de Threoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 7 Márta 2002 maidir le comhchreat rialúcháin i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir an Chreata)[7], nuair a dhéanann oibreoir trastíre líonra mhóibíligh a bunaíodh i mBallstát amháin gearán chuig a údarás rialaitheach náisiúnta nach bhfuil a chuid rannpháirtithe in ann SMS fánaíochta rialáilte a sheoladh chuig nó nó a fháil ó rannpháirtithe líonra trastíre mhóibíligh atá suite i mBallstát eile de bharr gur theip ar an dá oibreoir atá i gceist comhaontú a chur i gcrích.

---

[6] IO L 108, 24.4.2002, lch. 7.
[7] IO L 108, 24.4.2002, lch. 33.

(30) Is éard is teachtaireacht SMS ann teachtaireacht téacs Sheirbhís Gearrtheachtaireachtaí, atá comhdhéanta den chuid is mó de charachtair aibítreacha nó uimhriúla ach atá in ann carachtair phictiúrtha a chuimsiú freisin, ar féidir a sheoladh agus a fháil ar theileafón soghluaiste nó ar ghléas soghluaiste eile idir uimhreacha líonra mhóibíligh a shanntar faoi réir ag plean uimhrithe náisiúnta. Tá difríocht shoiléir idir teachtaireacht SMS agus teachtaireachtaí eile cosúil le teachtaireachtaí MMS nó ríomhtheachtaireachtaí. Lena áirithiú nach mbaintear ó éifeachtúlacht an Rialacháin agus go ndéantar a chuspóirí a chomhlíonadh go hiomlán, ba chóir athruithe ar bith ar na paraiméadair theicniúla de theachtaireacht fánaíochta SMS a dhéanfadh í a idirdhealú ó theachtaireacht SMS baile a chosc.

(31) Tugann sonraí a bhailigh na húdaráis rialaitheacha náisiúnta le fios go ndealraíonn sé go bhfuil na meánmhuirir mhórdhíola do sheirbhísí fánaíochta sonraí a ghearrann oibreoirí na líonraí móibíleacha a bhfuil cuairt á tabhairt orthu ó sholáthraithe baile na gcustaiméirí fánaíochta ag dul i laghad, cé go bhfuil praghsanna arda fós ann do sheirbhísí fánaíochta sonraí mórdhíola.

(32) Tá leibhéal ard na bpraghsanna miondíola do sheirbhísí fánaíochta sonraí fós ina údar imní agus tugann sé le fios nach bhfuil a ndóthain iomaíochta ann i measc na seirbhísí seo go fóill. Mar sin féin, murab amhlaidh leis an gcor do sheirbhísí gutha agus SMS, tá srianta iomaíocha ann ag an leibhéal miondíola, toisc go bhfuil modhanna malartacha ag custaiméirí fánaíochta chun rochtain a fháil ar sheirbhísí sonraí agus iad ar an gcoigríoch, amhail rochtain phoiblí gan sreang ar an idirlíon, gan srianta uimhríochta. Bheadh sé róluath ag an bpointe seo mar sin praghsanna ag an leibhéal miondíola a rialáil.

(33) Ba chóir bearta a thabhairt isteach chun trédhearcacht a fheabhsú maidir le praghsanna miondíola do sheirbhísí fánaíochta sonraí, go háirithe chun fáil réidh le fadhb na mbillí an-arda a thagann gan choinne agus atá mar bhac roimh fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh agus chun na huirlisí atá ag teastáil ó chustaiméirí fánaíochta a chur ar fáil dóibh chun a gcaiteachas ar sheirbhísí fánaíochta sonraí a rialú agus monatóireacht a dhéanamh air.

(34) Go háirithe, ba chóir d'oibreoirí líonraí móibíleacha faisnéis taraife phearsantaithe a chur ar fáil dá gcuid custaiméirí fánaíochta faoi na muirir atá infheidhmithe dóibh as seirbhísí fánaíochta sonraí nuair a chuireann siad tús le seirbhís fánaíochta sonraí den chéad uair tar éis dóibh dul isteach i mBallstát eile. Ba chóir an fhaisnéis seo a chur chuig a dteileafón soghluaiste nó a ngléas soghluaiste eile sa bhealach is oiriúnaí chun í a fháil agus a thuiscint go héasca.

(35) Chomh maith leis sin, ba chóir d'oibreoirí líonraí móibíleacha deis shaor in aisce a thabhairt dá gcuid custaiméirí fánaíochta ar fad chun uasteorainn airgeadais a shonrú roimh ré do na muirir a bheidh le híoc as seirbhísí fánaíochta sonraí, le teachtaireacht rabhaidh oiriúnach nuair atá siad ag teannadh leis an teorainn seo, chun billí an-arda a thagann gan choinne a sheachaint. Nuair a bhainfí amach an uasteorainn seo, ba chóir deireadh a chur leis an tseirbhís fánaíochta sonraí ach amháin má dhéanann an custaiméir iarratas go sonrach go leanfaí á soláthar.

(36) Ba chóir go mbreathnófaí ar na bearta trédhearcachta seo mar na cosaintí is lú do chustaiméirí fánaíochta, agus ba chóir nach stopfadh siad oibreoirí líonraí móibíleacha ó raon d'áiseanna eile a thairiscint dá gcuid custaiméirí a chabhraíonn leo a gcaiteachas

ar sheirbhísí fánaíochta sonraí a thuar agus a rialú. Mar shampla, tá go leor oibreoirí ag forbairt tairiscintí fánaíochta miondíola nua ar ráta seasta a cheadaíonn fánaíocht sonraí a dhéanamh ar phraghas sonraithe thar tréimhse shonraithe suas go teorainn atá faoi réir ag "úsáid chothrom". Ar an mbealach céanna tá oibreoirí ag forbairt córas le cur ar chumas a gcustaiméirí fánaíochta faisnéis suas chun dáta a fháil ar bhonn fíor-ama faoi na muirir fánaíochta sonraí gan íoc atá bailithe acu. Chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba chóir go léireofaí na forbairtí seo ar na margaí baile sna rialacha comhchuibhithe.

(37) Ina theannta sin, tá muirir mhórdhíola arda fós ann, go príomha, de bharr na bpraghsanna mórdhíola arda a ghearrann oibreoirí líonraí nach líonraí tosaíochta iad. Is srianta ar stiúradh tráchta is cúis leis na muirir seo mar is beag spreagadh atá ann d'oibreoirí praghsanna mórdhíola a laghdú go haontaobhach toisc go bhfaighidh siad an trácht beag beann ar an bpraghas a ghearrtar. Tá éagsúlacht an-mhór sna costais mhórdhíola mar thoradh air seo. I gcásanna áirithe tá na praghsanna fánaíochta sonraí mórdhíola atá infheidhmithe ar líonraí nach líonraí tosaíochta iad tríocha uaire níos airde ná iad siúd a ghearrtar ar an líonra tosaíochta. Bíonn saobhadh mór ar choinníollacha iomaíochta idir oibreoirí líonraí móibíleacha laistigh den Chomhphobal ann mar thoradh ar na muirir mhórdhíola iomarcacha seo ar sheirbhísí fánaíochta sonraí, a bhaineann an bonn ó fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Cuireann siad srian ar chumas na soláthraithe baile a gcuid costas mórdhíola a thuar freisin, agus pacáistí praghsanna miondíola iomaíocha trédhearcacha a sholáthar dá gcustaiméirí dá réir. I bhfianaise teorainneacha ar chumas na n-údarás rialaitheacha náisiúnta chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo ag an leibhéal náisiúnta, ba chóir go mbeadh teorainn ar phraghsanna mórdhíola i bhfeidhm i leith seirbhísí fánaíochta sonraí. Ba chóir an teorainn ar phraghsanna mórdhíola a shocrú ag leibhéal cosanta cuid mhaith os cionn na praghsanna mórdhíola is ísle atá ar fáil sa mhargadh faoi láthair, chun coinníollacha iomaíochta a fheabhsú agus feidhmiú níos fearr den mhargadh inmheánach a cheadú chun leasa custaiméirí.

(38) Chun na forbairtí sa mhargadh a léiriú, agus an creat rialúcháin infheidhmithe i leith cumarsáid leictreonach tá sé riachtanach tagairt a dhéanamh do "líonraí cumarsáide poiblí" seachas "líonraí teileafónaíochta poiblí". Ar mhaithe le comhsheasmhacht ba chóir Airteagal 1(5) de Threoir 2002/21/CE (Treoir an Chreata) a leasú dá réir.

(39) Mar gheall air nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, sé sin Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 agus Treoir 2002/21/CE a leasú chun sraith chomhchoiteann rialacha a choinneáil agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu lena áirithiú nach n-íocann úsáideoirí na líonraí poiblí cumarsáide móibílí praghsanna iomarcacha ar sheirbhísí fánaíochta ar fud an Chomhphobail (bíodh guthghlaonna, teachtaireachtaí SMS nó tarchur sonraí i gceist leo) agus iad ag taisteal laistigh den Chomhphobal, agus cur le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh dá bharr, agus leibhéal ard cosanta a chur i gcrích do thomhaltóirí agus iomaíocht idir oibreoirí líonraí móibíleacha a chosaint ag an am céanna, a bhaint amach ar bhealach slán, comhchuibhithe, tráthúil agus mar sin gur fearr is féidir iad a bhaint amach ag leibhéal an Chomhphobail, is féidir leis an gComhphobal na beartaithe leasaithe riachtanacha a ghlacadh, faoi réir ag prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil oiriúnach agus riachtanach d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach.

(40) In ainneoin sin, ba chóir an cur chuige comhchoiteann seo a choinneáil ar feadh tréimhse ama theoranta ach is féidir é a shíneadh nó a leasú, i bhfianaise athbhreithniú a dhéanfaidh an Coimisiún. Ba chóir don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 arna leasú ag an Rialachán seo agus ar an méid a chuireann sé le cur chun feidhme an chreata rialúcháin agus le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, agus an tionchar a bhíonn aige ar na soláthraithe cumarsáide móibílí atá níos lú sa Chomhphobal agus a staid siúd sa mhargadh fánaíochta ar fud an Chomhphobail á gcoinneáil i gcuimhne.

(41) Ba chóir Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 agus Treoir 2002/21/CE a leasú dá réir mar sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 717/2007**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 mar seo a leanas:

1. Cuirtear "líonraí poiblí cumarsáide móibílí" in ionad "líonraí poiblí teileafón soghluaiste" sa teideal.

---

2. Leasaítear Airteagal 1 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1

"1. Leis an Rialachán seo cuirtear cur chuige comhchoiteann ar bun chun a áirithiú nach n-íocfaidh úsáideoirí líonraí poiblí cumarsáide móibílí praghsanna iomarcacha ar sheirbhísí fánaíochta ar fud an Chomhphobail do na glaonna a dhéanfaidh agus a gheobhaidh siad, do na teachtaireachtaí SMS a sheolfaidh agus a gheobhaidh siad agus nuair atá siad ag baint úsáide as seirbhísí cumarsáide sonraí paicéadlasctha, le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh agus leibhéal ard cosanta tomhaltóirí a bhaint amach, mar aon le hiomaíocht idir oibreoirí líonraí móibíleacha a chosaint agus dreasachtaí nuálaíochta agus rogha tomhaltóirí araon a chaomhnú.

Leagtar síos leis rialacha ar na muirir a fhéadfaidh oibreoirí líonraí móibíleacha a ghearradh chun seirbhísí idirnáisiúnta fánaíochta a chur ar fáil do ghuthghlaonna agus do theachtaireachtaí SMS a thionscnaítear agus a chríochnaítear laistigh den Chomhphobal, agus do sheirbhísí cumarsáide sonraí paicéadlasctha a úsáideann custaiméirí fánaíochta agus iad ag fánaíocht ar líonra móibíleach i mBallstát eile. Tá feidhm aige maidir leis na muirir a ghearrfar idir oibreoirí líonraí ar leibhéal mórdhíola mar aon leis na muirir a ghearrfaidh soláthraithe baile ar leibhéal miondíola, más cuí."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Is in euro a thugtar teorainneacha na muirear a leagtar amach sa Rialachán seo. I gcás ina n-ainmneofar na muirir atá faoi réir Airteagal 3, 4, 4a, 4b agus 6a(4) in airgeadraí eile, déanfar na chéad teorainneacha de bhun na nAirteagal sin a áireamh sna hairgeadraí sin trí chur i

bhfeidhm na rátaí malairte tagartha a bheidh i réim an 30 Meitheamh 2007 i gcás Airteagail 3 agus 4, agus trí chur i bhfeidhm na rátaí malairte tagartha a bheidh i réim an [1 Bealtaine] 2009 i gcás Airteagail 4a, 4b, agus 6a(4), mar a fhoilseoidh an Banc Ceannais Eorpach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* iad i ngach cás.

Chun críocha na laghduithe a thiocfaidh ina dhiaidh sin ar na teorainneacha dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 4(2), déanfar na luachanna athbhreithnithe a chinneadh trí chur i bhfeidhm na rátaí malairte tagartha a fhoilseofar amhlaidh aon mhí amháin roimh an dáta óna mbeidh feidhm ag na luachanna athbhreithnithe."

3. In Airteagal 2, leasaítear mír 2 mar seo a leanas:

(a) I bpointe (b) cuirtear "cumarsáide móibílí" in ionad "teileafónaíochta soghluaiste".

(b) I bpointe (c) cuirtear "cumarsáide móibílí" in ionad "teileafón soghluaiste" agus "teileafónaíochta soghluaiste".

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) Ciallaíonn 'fánaíocht a dhéanamh ar fud an Chomhphobail' an úsáid a bhaineann custaiméir fánaíochta as teileafón soghluaiste nó gléas eile chun glaonna laistigh den Chomhphobal a dhéanamh nó a fháil, nó chun teachtaireachtaí SMS nó cumarsáid sonraí paicéadlasctha a sheoladh nó a fháil, fad is atá an duine sin i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil a líonra baile lonnaithe, trí shocruithe idir oibreoir an líonra bhaile agus oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air;"

(d) I bpointe (e) cuirtear "cumarsáide" in ionad "teileafóin".

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) ciallaíonn 'custaiméir fánaíochta' custaiméir de chuid soláthraí seirbhísí cumarsáide móibílí poiblí trastíre, trí líonra poiblí trastíre móibíleach atá lonnaithe sa Chomhphobal, a gceadaíonn a chonradh nó a shocrú lena sholáthraí baile dó teileafón soghluaiste nó aon ghléas eile a úsáid chun glaonna a dhéanamh nó a fháil nó chun teachtaireachtaí SMS nó cumarsáid sonraí paicéadlasctha a sheoladh nó a fháil, ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, trí shocruithe idir oibreoir an líonra bhaile agus oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air;"

(f) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

"(g) ciallaíonn 'líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air' líonra poiblí trastíre cumarsáide móibílí atá lonnaithe i mBallstát eile seachas Ballstát an líonra bhaile agus a cheadaíonn do chustaiméir fánaíochta glaonna a dhéanamh nó a fháil, teachtaireachtaí SMS a sheoladh nó a fháil nó cumarsáid sonraí paicéadlasctha a sheoladh nó a fháil, trí shocruithe le hoibreoir an líonra bhaile;"

(g) Cuirtear isteach na pointí (h), (i), (j) agus (k) seo a leanas:

"(h) ciallaíonn 'taraif Eura-SMS' taraif ar bith nach sáraíonn an muirear uasta, a ndéantar foráil dó in Airteagal 4a, gur féidir le soláthraí baile a ghearradh chun teachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte a sholáthar ag cloí leis an Airteagal sin;

(i) ciallaíonn 'teachtaireacht SMS' teachtaireacht téacs Sheirbhís Gearrtheachtaireachtaí, comhdhéanta den chuid is mó de charachtair aibítreacha nó uimhriúla, gur féidir a sheoladh agus a fháil idir uimhreacha líonra mhóibíligh a sanntar faoi réir ag pleananna uimhrithe náisiúnta;

(j) ciallaíonn 'teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte' teachtaireacht SMS a sheolann custaiméir fánaíochta, a thionscnaítear ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air agus a bhfuil deireadh leis ar líonra cumarsáide poiblí laistigh den Chomhphobal nó faighte ag custaiméir fánaíochta, ag tosú ar líonra cumarsáide poiblí laistigh den Chomhphobal agus deireadh ag teacht leis ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air;

(k) ciallaíonn 'seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte' seirbhís fánaíochta a chuireann ar chumas custaiméara fánaíochta cumarsáid sonraí paicéadlasctha a tarchur nó a fháil ar a theileafón soghluaiste nó ar ghléas soghluaiste eile nuair atá sé ceangailte le líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air. Níl chuimsíonn seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte glaonna fánaíochta nó teachtaireachtaí SMS rialáilte a tarchur nó a fháil, ach cuimsítear teachtaireachtaí Sheirbhís Teachtaireachtaí Ilmheán (MMS) a tarchur agus a fháil leis."

4. Leasaítear Airteagal 3 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Beidh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola sin maidir le haon dá oibreoir agus déanfar é a ríomh thar thréimhse dhá mhí dhéag nó thar aon tréimhse níos giorra a d'fhéadfadh bheith ann, roimh dheireadh na tréimhse ina bhfuil feidhm ag meánmhuirear mórdhíola uasta mar a dhéantar foráil dó sa mhír seo nó sula rachaidh an Rialachán seo in éag. Laghdófar an meánmhuirear mórdhíola go dtí EUR 0.28 agus EUR 0.26 an 30 Lúnasa 2008 agus an 1 Iúil 2009 faoi seach agus tiocfaidh laghdú breise air chuig EUR 0.23, EUR 0.20 agus EUR 0.17 an 1 Iúil 2010, an 1 Iúil 2011 agus an 1 Iúil 2012 faoi seach."

(b) I mír 3 cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Mar sin féin, le héifeacht ón 1 Iúil 2009 áfach, déanfar an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 a ríomh tríd an teacht isteach iomlán a gheofar ó fhánaíocht mhórdhíola a roinnt ar líon iomlán na nóiméad fánaíochta mórdhíola a dhíolfaidh an t-oibreoir ábhartha thar an tréimhse atá i gceist chun glaonna fánaíochta mórdhíola a chur ar fáil sa Chomhphobal, agus déanfar é a chomhiomlánú mar shuim in aghaidh an tsoicind"

5. Leasaítear Airteagal 4 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Féadfaidh an muirear miondíola (gan CBL san áireamh) d'Eoratharaif gur féidir le soláthraí baile a ghearradh ar a chustaiméir fánaíochta chun glao fánaíochta rialáilte athrú i gcás glao fánaíochta ar bith ach ní rachaidh sé thar EUR 0.49 in aghaidh an nóiméid do ghlao

ar bith a dhéantar nó EUR 0.24 in aghaidh an nóiméid do ghlao ar bith a fhaightear. Laghdóidh an buaicphraghas do ghlaonna a dhéanfar go dtí EUR 0.46 agus EUR 0.43 agus go dtí EUR 0.22 agus EUR 0.19 do ghlaonna a gheofar an 30 Lúnasa 2008 agus an 1 Iúil 2009 faoi seach. Tiocfaidh laghdú breise ar an mbuaicphraghas do ghlaonna a dhéanfar go dtí EUR 0.40, EUR 0.37 agus EUR 0.34 agus go dtí EUR 0.16, EUR 0.13 agus EUR 0.10 do ghlaonna a gheofar an 1 Iúil 2010, an 1 Iúil 2011 agus an 1 Iúil 2012 faoi seach.

Le héifeacht ón 1 Iúil 2009 déanfaidh gach soláthraí baile táille a ghearradh ar a gcuid custaiméirí fánaíochta as aon ghlao fánaíochta rialáilte lena mbaineann Euratharaif a sholáthar, idir cinn a dhéantar agus a fhaightear, ar bhonn in aghaidh an tsoicind.

De mhaolú ar an dara fomhír, is féidir leis an soláthraí baile íostréimhse muirir tosaigh a ghearradh nach sáraíonn 30 soicind i gcás na nglaonna a dhéantar atá faoi réir ag Eoratharaif."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Féadfaidh aon chustaiméir fánaíochta a iarraidh, tar éis don phróiseas a leagtar amach i mír 3 a bheith curtha i gcrích, go n-athrófaí go dtí Eoratharaif nó ó Eoratharaif é ag tráth ar bith. Caithfear aon athrú a dhéanamh laistigh d'aon lá oibre amháin tar éis don iarratas a bheith faighte agus a bheith saor in aisce agus ní bheidh coinníollacha ná srianta maidir le heilimintí eile an tsíntiúis i gceist leis an athrú sin, ach amháin i gcás custaiméara fánaíochta a bhfuil síntiús aige ar phacáiste fánaíochta speisialta a chuimsíonn níos mó ná seirbhís fhánaíochta amháin (i.e. guth, SMS agus/nó sonraí) atá ag iarraidh athrú chuig Eoratharaif, is féidir leis an soláthraí baile ceangal a chur ar an gcustaiméir atá ag athrú scor de na leasanna a bhaineann leis na gnéithe eile den phacáiste sin. Féadfaidh soláthraí baile moill a chur ar athrú go dtí go mbeidh an taraif fánaíochta a bhí ann roimhe i bhfeidhm ar feadh íostréimhse shonraithe nach rachaidh thar thrí mhí."

6. Cuirtear isteach an tAirteagal 4a seo a leanas:

*"Airteagal 4a*

**Muirir mhórdhíola do theachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte**

1. Le héifeacht ón 1 Iúil 2009, ní bheidh an meánmhuirear mórdhíola gur féidir le hoibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a ghearradh ó oibreoir líonra baile an chustaiméara chun teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte a thionscnaítear ar an líonra sin a bhfuil cuairt á tabhairt air os cionn EUR 0.04 in aghaidh na teachtaireachta SMS.

2. Beidh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola sin maidir le haon dá oibreoir agus déanfar é a ríomh thar thréimhse dhá mhí dhéag nó thar aon tréimhse níos giorra a d'fhéadfadh bheith fágtha sula rachaidh an Rialachán seo in éag.

3. Déanfar an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 a ríomh trí an teacht isteach mórdhíola iomlán a fhaigheann oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air ó gach oibreoir líonra baile as teachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte a thosú agus a tharchur laistigh den Chomhphobal thar an tréimhse atá i gceist a roinnt ar líon iomlán na dteachtaireachtaí SMS mar sin a thosaigh agus a tarchuireadh thar cheann an oibreora ábhartha de líonra baile laistigh den tréimhse sin.

4. Ní ghearrfaidh oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air muirear ar bith ar an soláthraí baile, éagsúil ón muirear dá dtagraítear i mír 1, as deireadh a chur le teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte a sheoltar chuig custaiméir fánaíochta agus é ag fánaíocht ar a líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air."

7. Cuirtear isteach an tAirteagal 4b seo a leanas:

*"Airteagal 4b*

**Muirir mhiondíola ar theachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte**

1. Cuirfidh soláthraithe baile taraif Eura-SMS ar fáil dá gcuid custaiméirí fánaíochta ar fad, go soiléir agus go trédhearcach, mar a dhéantar foráil dó i mír 2. Ní bheidh síntiús gaolmhar ar bith nó muirir sheasta nó athfhillteacha eile ag baint leis an taraif Eura-SMS agus is féidir í a chur i dteannta le taraif mhiondíola ar bith eile, faoi réir ag forálacha eile an Airteagail seo.

2. Le héifeacht ón 1 Iúil 2009, féadfaidh an muirear miondíola (gan CBL san áireamh) d'Eoratharaif gur féidir le soláthraí baile a ghearradh ar a chustaiméir fánaíochta chun teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte a sheolann an custaiméir fánaíochta sin athrú i gcás theachtaireacht fánaíochta SMS ar bith ach ní rachaidh sé thar EUR 0.11.

3. Ní dhéanfaidh soláthraithe baile muirear ar bith a ghearradh ar a gcuid custaiméirí fánaíochta as teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte a fhaigheann siad.

4. Le héifeacht ón 1 Iúil 2009 cuirfidh soláthraithe baile taraif Eura-SMS i bhfeidhm do na custaiméirí fánaíochta reatha ar fad go huathoibríoch, seachas custaiméirí fánaíochta a bhfuil rogha déanta acu d'aon ghnó ar tharaif fánaíochta ar leith nó ar phacáiste faoina mbainfeadh siad leas as taraif dhifriúil le haghaidh teachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte ná mar a dtabharfaí dóibh mura mbeadh rogha mar sin déanta acu.

5. Le héifeacht ón 1 Iúil 2009 cuirfidh soláthraithe baile taraif Eura-SMS i bhfeidhm go huathoibríoch do na custaiméirí fánaíochta nua ar fad nach ndéanann rogha d'aon ghnó taraif fánaíochta SMS dhifriúil nó pacáiste taraife do sheirbhísí fánaíochta a chuimsíonn taraif dhifriúil do theachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte a roghnú.

6. Féadfaidh aon chustaiméir fánaíochta a iarraidh go n-athrófaí go dtí taraif Eura-SMS nó ó tharaif Eura-SMS é ag tráth ar bith. Caithfear aon athrú a dhéanamh laistigh d'aon lá oibre amháin tar éis don iarratas a bheith faighte agus saor in aisce agus ní bheidh coinníollacha ná srianta maidir le heilimintí eile an tsíntiúis i gceist leis an athrú sin seachas fánaíocht. Féadfaidh soláthraí baile moill a chur ar athrú mar sin go dtí go mbeidh an taraif fánaíochta a bhí ann roimhe i bhfeidhm ar feadh íostréimhse shonraithe nach rachaidh thar thrí mhí. Is féidir taraif Eura-SMS a chur i dteannta Eoratharaif i gcónaí.

7. Faoin 1 Meitheamh 2009 ar a dhéanaí, cuirfidh soláthraithe baile a gcuid custaiméirí fánaíochta ar fad ar an eolas faoin taraif Eura-SMS ina n-aonar, faoi go mbeidh feidhm aige do na custaiméirí fánaíochta ar fad nach bhfuil rogha d'aon ghnó déanta acu ar tharaif speisialta nó ar phacáiste a bhaineann le teachtaireachtaí SMS rialáilte ón 1 Iúil 2009 ar a dhéanaí, agus faoin gceart atá acu athrú chuige agus uaidh faoi réir ag mír 6 thuas."

8. Cuirtear isteach an tAirteagal 4c seo a leanas:

*'Airteagal 4c*

**Tréithe teicniúla na dteachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte**

Ní dhéanfaidh soláthraí baile nó oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air tréithe teicniúla de theachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte a athrú ar bhealach ar bith a dhéanann go bhfuil siad difriúil ó na tréithe teicniúla de theachtaireachtaí SMS a chuirtear ar fáil laistigh dá mhargadh baile."

9. Scriostar Airteagal 5.

10. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*"Airteagal 6*

**Trédhearcacht na muirear miondíola maidir le glaonna fánaíochta agus maidir le teachtaireachtaí SMS rialáilte**

1. Chun foláireamh a thabhairt do chustaiméir fánaíochta go mbeidh muirir fánaíochta á ngearradh air nuair a bheidh glao á dhéanamh nó á fháil aige nó nuair a bheidh teachtaireacht SMS á sheoladh aige, ach amháin i gcás go mbeidh fógra tugtha ag an gcustaiméir dá sholáthraí baile nach mbeidh an tseirbhís sin ag teastáil uaidh, déanfaidh gach soláthraí baile faisnéis phearsantaithe ar phraghsáil bhunúsach maidir leis na muirir fánaíochta (CBL san áireamh) a mbeidh feidhm acu maidir le déanamh agus fáil glaonna agus teachtaireachtaí SMS a sheoladh ag an gcustaiméir sin sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air a thabhairt don chustaiméir go huathoibríoch, gan aon mhoill mhíchuí agus saor in aisce, trí Sheirbhís Teachtaireachta nuair a rachaidh sé isteach i mBallstát seachas Ballstát a líonra baile.

Cuimseoidh an fhaisnéis phearsantaithe sin ar phraghsáil bhunúsach na muirir uasta a d’fhéadfadh a bheith ar an gcustaiméir faoina scéim taraife chun:

(a) glaonna a dhéanamh laistigh den tír a bhfuil cuairt á tabhairt uirthi agus chun glaonna a dhéanamh ar ais chuig Ballstát a líonra baile, chomh maith leis na praghsanna uasta do ghlaonna a gheofar; agus

(b) teachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte a sheoladh le linn dó a bheith sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air.

Beidh an uimhir shaor in aisce dá dtagraítear i mír 2 le haghaidh faisnéis níos mionsonraithe a fháil ann freisin.

Beidh de cheart ag custaiméir a mbeidh fógra tugtha aige nach mbeidh an tSeirbhís Teachtaireachta uathoibríoch ag teastáil uaidh a iarraidh, tráth ar bith agus saor in aisce, ar an soláthraí baile an tseirbhís a sholáthar arís.

Cuirfidh soláthraithe baile an fhaisnéis phearsantaithe sin ar phraghsáil bhunúsach ar fáil do chustaiméirí dalla nó caocha go huathoibríoch, trí ghuthghlao, má iarrann siad sin.

2. De bhreis ar mhír 1, maidir le faisnéis phearsantaithe níos mionsonraithe faoi phraghsáil ar na muirir fánaíochta a mbeidh feidhm acu maidir le guthghlaonna, SMS, MMS agus seirbhísí cumarsáide sonraí eile, chomh maith le faisnéis faoi na bearta trédhearcachta a bhfuil feidhm

acu de bhun an Rialacháin seo, beidh de cheart ag custaiméirí í a iarraidh agus a fháil, saor in aisce, trí ghuthghlao móiblíleach nó trí SMS. Déanfar iarratas den sórt sin chuig uimhir shaor in aisce a cheapfaidh an soláthraí baile chun na críche sin.

3. Tabharfaidh na soláthraithe baile an fhaisnéis iomlán do na húsáideoirí go léir faoi na muirir fánaíochta a bheidh i bhfeidhm, go háirithe faoin Eoratharaif agus faoin taraif Eura-SMS, an tráth a mbeidh síntiúis á socrú. Cuirfidh siad nuashonruithe ar fáil dá gcuid custaiméirí fánaíochta freisin ar mhuirir fánaíochta infheidhmithe gan aon mhoill mhíchuí gach uair go mbíonn athrú ar na muirir seo.

Déanfaidh na soláthraithe baile na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh a gcuid custaiméirí fánaíochta go léir ar an eolas faoin Eoratharaif agus faoin taraif Eura-SMS a bheith ar fáil. Cuirfidh siad, go háirithe, na coinníollacha a bhaineann leis an Eoratharaif in iúl faoin 30 Iúil 2007 agus na coinníollacha a bhaineann leis an taraif Eura-SMS faoin 1 Meitheamh 2009, ar shlí shoiléir, neamhchlaon i ngach cás do na custaiméirí fánaíochta go léir. Sheolfaidh siad meabhrúchán ag tráthanna réasúnta ina dhiaidh sin do na custaiméirí ar fad a roghnaigh taraif eile."

11. Cuirtear isteach an tAirteagal 6a seo a leanas:

*"Airteagal 6a*

**Meicníochtaí trédhearcachta agus cosanta maidir le seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte**

1. Áiritheoidh soláthraithe baile go gcoinneofar a gcuid custaiméirí fánaíochta ar an eolas a ndóthain faoi na muirir a bhaineann le húsáid a bhaineann siad as seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte, a bhealaí a chabhraíonn le tuiscint na gcustaiméirí ar na torthaí airgeadais a bheidh le húsáid mar sin agus a chuireann ar a gcumas a gcaiteachas ar sheirbhís fánaíochta sonraí rialáilte a rialú agus monatóireacht a dhéanamh air i gcomhréir le míreanna 2 agus 3.

2. Ón 1 Iúil 2009 ar a dhéanaí, cuirfidh teachtaireacht uathoibríoch ón soláthraí baile custaiméir fánaíochta ar an eolas go bhfuil sé ag fánaíocht agus cuirfear faisnéis phearsantaithe taraife ar fáil faoi na muirir atá infheidhmithe as seirbhísí fánaíochta sonraí a sholáthar don chustaiméir fánaíochta sin sa Bhallstát atá i gceist, ach amháin i gcás go mbeidh fógra tugtha ag an gcustaiméir dá sholáthraí baile nach mbeidh an fhaisnéis sin ag teastáil uaidh.

Ba chóir faisnéis phearsanaithe taraife mar sin a chur chuig teileafón soghluaiste nó gléas eile an chustaiméara fánaíochta, nuair a chuireann custaiméir fánaíochta tús le seirbhís fánaíochta sonraí rialáilte i mBallstát ar leith seachas an ceann ina bhfuil a líonra baile den chéad uair tar éis dó dul isteach sa Bhallstát sin. Cuirfear an fhaisnéis seo ar fáil gan aon mhoill mhíchuí agus saor in aisce, ar mhodh cuí atá curtha in oiriúint le go mbeidh sí éasca le fáil agus le tuiscint.

Beidh de cheart ag custaiméir a mbeidh fógra tugtha aige nach mbeidh an fhaisnéis taraife uathoibríoch ag teastáil uaidh a iarraidh, ag tráth ar bith agus saor in aisce, ar an soláthraí baile an tseirbhís sin a sholáthar arís.

3. Roimh an 1 Iúil 2010 ar a dhéanaí, cuirfidh na soláthraithe baile áis de "Theorainn Scoite" ar fáil faoina gcuireann siad féidearthacht saor in aisce ar fáil, agus faoina gcoinníonn siad ar fáil é, dá gcuid custaiméirí fánaíochta go léir, chun uasteorainn airgeadais a shonrú roimh ré, a

chuirtear in iúl san airgeadra ina ndéantar an custaiméir fánaíochta a bhilleáil, dá chuid muirir gan íoc ar sheirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte.

Chomh luath agus a mbainfear amach an Teorainn Scoite seo, stopfaidh an soláthraí baile láithreach de sheirbhís fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar don chustaiméir fánaíochta, ach amháin agus go dtí go n-iarrann an custaiméir fánaíochta go leanfaí ar aghaidh le soláthar na seirbhísí sin nó go ndéanfaí a soláthar a athnuachan.

Áiritheoidh an soláthraí baile freisin go seolfar teachtaireacht foláirimh oiriúnach chuig teileafón soghluaiste nó gléas eile an chustaiméara fánaíochta sula mbainfear amach ceann amháin nó níos mó de na teorainneacha muirir eatramhacha, a ndéantar a chomhaontú idir an custaiméir agus an soláthraí baile roimh ré. Cuirfidh an teachtaireacht foláirimh seo an custaiméir fánaíochta ar an eolas go bhfuil sé ag teannadh leis an Teorainn Scoite agus cuirfear in iúl an nós imeachta atá le leanúint má theastaíonn uaidh nó uaithi iarratas a dhéanamh go leanfaí ar aghaidh le soláthar na seirbhísí sin nó go ndéanfaí a soláthar a athnuachan.

4. Le héifeacht ón 1 Iúil 2009:

(a) Ní bheidh an meánmhuirear mórdhíola gur féidir le hoibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a ghearradh ó oibreoir líonra baile an chustaiméara chun seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar ar an líonra sin a bhfuil cuairt á tabhairt air os cionn teorainn chosanta de EUR 1.00 in aghaidh an mheigibhirt de shonraí a tharchuirtear.

(b) Beidh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola sin idir na hoibreoirí ar fad agus déanfar é a ríomh thar thréimhse dhá mhí dhéag nó thar aon tréimhse níos giorra a d'fhéadfadh bheith fágtha sula rachaidh an Rialachán seo in éag.

(c) Déanfar an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i bpointe (a) a ríomh tríd an teacht isteach mórdhíola iomlán a fhaigheann oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air ó gach oibreoir líonra baile as seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthar thar an tréimhse atá i gceist a roinnt ar líon iomlán na meigibheart a úsáidtear trí sholáthar na seirbhísí sin laistigh den tréimhse sin."

12. Leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Cuirfidh na húdaráis rialaitheacha náisiúnta faisnéis chothrom le dáta ar fheidhmiú an Rialacháin seo, go háirithe Airteagal 3, 4, 4a, 4b agus 6a ar fáil go poiblí ar shlí a chuirfidh ar chumas na bpáirtithe leasmhara rochtain éasca a bheith acu uirthi."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Is féidir le húdaráis rialaitheacha náisiúnta idirghabháil a dhéanamh ar a dtionscnamh féin lena áirithiú go gcloítear leis an Rialachán seo. Go háirithe, bainfidh siad úsáid, i gcás inar gá, as na cumhachtaí faoi Airteagal 5 de Threoir na Rochtana chun rochtain agus idirnascadh leordhóthanach a áirithiú chun lúdracht ceann go ceann agus idir-inoibritheacht na seirbhísí fánaíochta a ráthú; mar shampla nuair nach bhfuil rannpháirtithe in ann SMS fánaíochta rialáilte a sheoladh nó a fháil chuig nó ó rannpháirtithe líonra trastíre mhóibíligh i mBallstát eile mar gheall nach bhfuil comhaontú ann chun na teachtaireachtaí sin a sheachadadh."

13. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

*"Airteagal 9*

**Pionóis**

Leagfaidh Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Caithfidh na pionóis a leagfar amach a bheith éifeachtach, comhréireach, athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra maidir leis na forálacha sin don Choimisiún tráth nach déanaí ná 30 Márta 2008, nó, i gcás na riachtanas breise a thugann an Rialachán [XXXX/YYYY] isteach, an dáta a thagann naoi mí tar éis don Rialachán sin theacht i bhfeidhm ar a dhéanaí, agus tabharfaidh siad fógra dó gan aon mhoill maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfadh difear do na forálacha sin."

14. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

*"Airteagal 11*

**Athbhreithniú**

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú an Rialacháin seo agus cuirfear tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2011. Déanfaidh an Coimisiún measúnú go háirithe ar baineadh amach cuspóirí an Rialacháin seo nó nár baineadh. Ina thuarascáil, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fhorbairtí i dtáillí mórdhíola agus i dtáillí miondíola i gcomhair soláthair seirbhísí guthchumarsáide agus cumarsáide sonraí, lena n-áirítear SMS agus MMS, do chustaiméirí fánaíochta, agus más cuí, cuirfidh sé isteach moltaí maidir leis an ngá a bheidh le rialáil bhreise a dhéanamh ar na seirbhísí sin. Is féidir leis an gCoimisiún úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil de bhua Airteagal 7(3).

2. Ina thuarascáil, measúnóidh an Coimisiún, i bhfianaise forbairtí sa mhargadh lena n-áirítear cáilíocht sa seirbhíse a sholáthraítear, agus ag féachaint don iomaíochas agus do chosaint tomhaltóirí, cibé an mbeidh gá le ré an Rialacháin seo a shíneadh thar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 13, nó leasú breise a dhéanamh air, ag cur na bhforbairtí i dtáillí seirbhísí móibíleacha guthchumarsáide agus cumarsáide sonraí ar leibhéal náisiúnta san áireamh, mar aon le héifeachtaí an Rialacháin seo in áiteanna éagsúla sa Chomhphobal agus freisin ar staid iomaíoch mionoibreoirí, oibreoirí neamhspleácha nó oibreoirí nuathosaithe. Féadfaidh an Coimisiún togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle."

15. In Airteagal 12 scriostar an téacs "tráth nach déanaí ná 30 Lúnasa 2007".

16. In Airteagal 13 cuirtear "2013" in ionad "2010".

*Airteagal 2*

**Leasú ar Threoir 2002/21/CE (Treoir an Chreata)**

In Airteagal 1(5) de Threoir 2002/21/CE (Treoir an Chreata) cuirtear "líonraí poiblí cumarsáide móibílí" in ionad "líonraí poiblí teileafón soghluaiste".

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*